Sprice Sóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta

# An Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta 2011

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

**An Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta 2011**

rna fhoilsiú ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath
Éire

ISBN: 978-1-908109-17-0
Baile Átha Cliath, Éire, Márta 2013

Tá an tuarascáil seo le fáil ar líne i mBéarla agus i nGaeilge ar:
www.welfare.ie agus www.socialinclusion.ie

Féadfar aon chuid den pháipéar teicniúil seo a lua trí úsáid a bhaint as an tagairt seo a leanas:*An Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta 2011* de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí (2013), Baile Átha Cliath: An Roinn Coimirce Sóisialaí.

## Clár


Achoimre 1
Ráiteas ón Aire 2
Cuid 1: Réamhrá 4
1.1 Comhthéacs maicreacnamaíoch agus sóisialta 6
Cuid 2: Dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta 10
Cuid 3: Táscairí tacaíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice 15
Cuid 4: Táscairí Comhthéacsúla 21
4.1 Imdhealú ar an mbochtaineacht sheasmhach de réir an ghrúpa shóisialta 21
4.2 Táscairí um chuimsiú sóisialta 22
Aguisín 1 Nóta Teicniúil ar an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála 23
Aguisín 2 Gluais 24


## Liosta Táblaí


Tábla 1.1 An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta 5
Tábla 1.2 Táscairí tacaíochta i gcomhair na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta 6
Tábla 1.3 Táscairí maicreacnamaíocha 7
Tábla 1.4 Caiteachas agus tairbhithe leasa shóisialaigh 8
Tábla 1.5 Rátaí leasa shóisialaigh (coibhéis sheachtainiúil) 8
Tábla 4.1 An bhochtaineacht sheasmhach imdhealaithe de réir an ghrúpa shóisialta 22
Tábla 4.2 Táscairí um chuimsiú sóisialta 23


## Liosta Figiúirí


Figiúr 2.1 Dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta 12
Figiúr 2.2 Rátaí na bochtaineachta seasmhaí i gcomhair leanaí agus daoine fásta 13
Figiúr 2.3 Ráta na bochtaineachta seasmhaí miondealaithe de réir na líonta tí gan duine fostaithe agus na líonta tí le duinefostaithe 14
Figiúr 2.4 Dul chun cinn maidir leis an gcion náisiúnta ar mhaithe le sprioc na hEorpa 2020 15
Figiúr 3.1 ‘Sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach’ 17
Figiúr 3.2 An díothacht bhunúsach 18
Figiúr 3.3 I mbaol na bochtaineachta 19
Figiúr 3.4 Iarmhairt na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta ar an ráta ‘i mbaol na bochtaineachta’ 20
Figiúr 3.5 An ráta ‘i mbaol na bochtaineachta’ fréamhaithe i luachanna 2010 21

## Achoimre

Is éard is aidhm leis an *Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta* ná tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, agus is í an sprioc sin ná an bhochaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad nó níos lú ná sin faoin mbliain 2020. Déantar tuairisciú freisin ar chion na hÉireann ar mhaithe le sprioc na hEorpa 2020, agus ar threochtaí na bochtaineachta maidir le leanaí agus líonta tí gan duine fostaithe, a mbeidh an Rialtas ag socrú fo-spriocanna ar leith ina dtaobh.

Is é an Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí a ullmhaíonn an Monatóir, mar chuid dá shainchúram chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí na bochtaineachta. Bunaítear go príomha é ar fhionnachtana Shuirbhé na bliana 2011 ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála, ar thug an Phríomh-Oifig Staidrimh faoi. Ba í an tréimhse thagartha ioncaim i gcomhair an tSuirbhé ná Eanáir 2010 go Nollaig 2011.

### Na heochairfhionnachtana

- Sa tréimhse ó 2010 go 2011, d'éirigh an ghéarchéim gheilleagrach ní ba ghéire, go mór mór ó thaobh na dífhostaíochta. D'fhreagair an córas coimirce sóisialaí ar an ngéarchéim mar chobhsaitheoir uathoibríoch, le breis agus leath an daonra ag tairbhiú de thacaíocht ioncaim.
- Ón uair gurb í an bhliain bhonnlíne ná 2010, ní féidir ach treochtaí gearrthréimhseacha maidir leis an sprioc agus na táscairí tacaíochta a thíolacadh de bhun shonraí na bliana 2011
    - Sa bhliain 2011, ba é an ráta bochtaineachta seasmhaí ná 6.9 faoin gcéad, rud nach bhfuil ina athrú suntasach ó thaobh staitistice ar fhigiúr na bliana 2010. Cé go dtugann sé seo le tuiscint nach bhfuil ach beagán dula chun cinn déanta ó thaobh an sprioc shóisialta náisiúnta fhoriomlán um laghdú na bochtaineachta a bhaint amach sa bhliain 2011, tá 5 bliana fágtha go dtí go sroichfear sprioc 4 faoin gcéad sa bhliain 2016 agus tá 9 mbliana fágtha go dtí go sroichfear sprioc 2 faoin gcéad nó níos lú ná sin sa bhliain 2020
    - Sa bhliain 2011, ba é ráta bochtaineachta seasmhaí na leanaí ná 9.3 faoin gcéad, rud a bhí 1.6 oiread ní ba mhó ná ráta na ndaoine fásta (a bhí gan athrú ón mbliain 2010).
    - Sa bhliain 2011, ba éard a bhí sna líonta tí gan duine fostaithe ná 74 faoin gcéad den ráta bochtaineachta seasmhaí, rud a bhí ina mhéadú ar sciar 71 faoin gcéad na bliana 2010.
    - Sa bhliain 2011 tharla méadú 127,000 i spriocdhaonra na hEorpa 2020.
    - Lean na híocaíochtaí aistritheacha sóisialta de bheith ag feidhmiú go láidir sa bhliain 2011 ó thaobh an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' a laghdú faoi 24 faoin gcéad (ó 40 faoin gcéad go 16 faoin gcéad). Is ionann é seo agus éifeacht laghdaithe bhochtaineachta 60 faoin gcéad agus, cé gur laghdú an-bheag ar fhigiúr na bliana 2010 (62 faoin gcéad) é, is i bhfad os cionn mheán 35 faoin gcéad an Aontais Eorpaigh é.

## Ráiteas ón Aire



Ardaidhm bhunúsach shochaí na hÉireann agus tiomantas an Rialtais is ea an bhochtaineacht a laghdú agus ar deireadh í a dhíothú. An bhliain seo caite, d'athbhreithnigh agus d'fheabhsaigh an Rialtas an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta. Is í an phríomhsprioc ná an bhochtaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad faoin mbliain 2020, agus táthar chun fo-spriocanna a shocrú chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht i measc na leanaí agus i measc na líonta tí gan duine fostaithe.

Chun tacú leis an sprioc a chur i bhfeidhm, chomhaontaigh an Rialtas go gcuirfí socruithe rialta tráthúla slachtmhara ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Uirlis thábhachtach ar son na cuntasachta rialtais is ea monatóireacht oscailte thrédhearcach a dhéanamh ar an sprioc ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir, agus daoine a thaithíonn an bhochtaineacht san áireamh. Mar sin, cuirim fáilte roimh an eagrán tionscnaimh den *Mhonatóir ar an gCuimsiú Sóisialta*. Spreagaim na páirtithe leasmhara go léir ar cás leo saincheisteanna na bochtaineachta agus an chuimsithe shóisialta an Monatóir a léamh agus fionnachtana an Mhonatóra a phlé i measca a mballraíochta.

Ní haon ionadh é gur scáil iad na táscairí ar iarmhairt na géarchéime geilleagraí fioscaí is measa le glúin anuas. San am céanna, fáiltítear go mór roimh fheidhmíocht láidir na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta ó thaobh iad siúd ar na hioncaim is ísle a chosaint. Sa bhliain 2011, laghdaigh na híocaíochtaí aistritheacha sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' ó 40 faoin gcéad go 16 faoin gcéad, arbh éard a bhí ann ná éifeacht laghdaithe bhochtaineachta 60 faoin gcéad (ardaíonn sé seo go 68 faoin gcéad má chuirtear pinsin san áireamh).


Mar sin féin, déanann an Monatóir cur síos ar iarmhairt dhiúltach leantach na géarchéime geilleagraí ar chaighdeáin mhaireachtála na líonta tí. Is meabhrúchán áisiúil é nach mbaineann an ghéarchéim le baincéireacht amháin ná le hairgeadas amháin, ach go n-imríonn sí tionchar sóisialta láidir ar ghnáthshaol na ndaoine atá in aois fostaíochta, ar ghnáthshaol na leanaí, ar ghnáthshaol na ndaoine scothaosta agus ar ghnáthshaol na ndaoine faoi mhíchumas.

Tá an ardaidhm náisiúnta um laghdú na bochtaineachta á roinnt ag an Aontas Eorpach i *Straitéis na hEorpa 2020* ar mhaithe le fás agus poist. Is í an sprioc ná 20 milliún duine a fhuascailt ó bhaol na bochtaineachta nó ó bhaol an eisiaimh shóisialta faoin mbliain 2020 agus tá síniú curtha ag Éirinn leis an gcomhaontú chun 200,000 a chur ar fáil chun críche na sprice seo. Faoi mar atá fíor i gcoitinne ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ní mór dúinn ár bhfeidhmíocht a fheabhsú má táthar chun sprioc na hEorpa 2020 a bhaint amach.

Tagann na staitisticí sa Mhonatóir go formhór ón *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh i leith na bliana 2011, suirbhé atá ina fhoinse oifigiúil sonraí ar ioncam agus ar dhálaí maireachtála na líonta tí. Tuigtear dom go bhfuil breithniú á dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir leis an gcaoi ar féidir na sonraí a fhoilsiú níos luaithe, maille le tuairisciú a dhéanamh níos cóngaraí don bhliain ina mbailítear na sonraí. Cabhróidh sé seo ó thaobh feabhas a chur ar ábharthacht bheartais an Mhonatóra agus ó thaobh deimhin a dhéanamh de dhíospóireacht thráthúil eolasach faoi iarmhairt shóisialta na géarchéime.

Is ann fós do dhúshlán mór os comhair an Rialtais agus os comhair na sochaí chun an sprioc shóisialta náisiúnta a bhaint amach. Tá an Rialtas meáite ar an ngeilleagar a shaothrú agus ar dheiseanna fostaíochta nua a chruthú. San am céanna, ní mór dúinn féachaint chuige go gcuirfear ar chumas na ndaoine is leochailí sa tsochaí tairbhe a bhaint as an téarnamh geilleagrach trí na cláir ghníomhachtúcháin agus na seirbhísí gníomhachtúcháin. Tosaíocht bheartais is ea, dá bhrí sin, beartais agus acmhainní a spriocdhíriú ar na grúpaí sóisialta a iompraíonn an t-ualach is mó ó thaobh na bochtaineachta, go háirithe na líonta tí gan duine fostaithe agus na leanaí.

Tá muinín agam gurb é an toradh a bheidh ar sheachadadh na mbeartas spriocdhírithe ar fud na Ranna Rialtais, agus iad treisithe ag acmhainn agus tiomantas na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta, ná dul chun cinn sa todhchaí i dtaca leis an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta.



Joan Burton TD
Aire Coimirce Sóisialaí

## Cuid 1: Réamhrá

Is é seo an Chéad *Mhonatóir ar an gCuimsiú Sóisialta*. Is é is cuspóir leis ná tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta tríd an eolas is déanaí ar na heochairtháscairí náisiúnta a chur ar fáil go rialta tráthúil insroichte. Tá an Monatóir ar cheann den dá uirlis nua a cuireadh ar bun chun forfheidhmiú na sprice sóisialta náisiúnta a láidriú, is é an ceann eile ná measúnacht chomhtháite tionchair shóisialta a fhorbairt. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na huirlisí múnlú níos fearr ar an gceapadh beartais agus go ndíreoidh siad aird ar na naisc idir na snáitheanna éagsúla den cheapadh beartais sa réimse sóisialta

Tagann na sonraí statistiúla a thíolactar sa Mhonatóir ón *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála*, a tháirg an Phríomh-Oifig Staidrimh[1] sa bhliain 2011. Diríonn an Monatóir ar thorthaí sóisialta agus geilleagracha mar a bhaineann siad leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta; ní scrúdaíonn sé forfheidhmiú na mbeartas ar an mbochtaineacht.[2] Is é an Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí a tháirgeann an Monatóir, mar chuid dá shainchúram chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí na bochtaineachta agus ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta.

Is ann do thrí thréith den Mhonatóir:

a. an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, lena n-áirítear na fo-spriocanna i dtaca leis an mbochtaineacht i measc na leanaí agus i measc na líonta tí gan duine fostaithe agus i dtaca le sprioc na hEorpa 2020;

b. táscairí tacaíochta a chuimsíonn eochairghnéithe na bochtaineachta a chuireann taca faoin dul chun cinn i dtreo na sprice; agus

c. táscairí comhthéacsúla a bhaineann le timthriall na beatha agus dreamanna leochaileacha, chomh maith le gnéithe sonracha beartais na bochtaineachta.

Sonraíonn Tábla 1.1 an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta agus comhchodanna na sprice sin. Is í an phríomhsprioc ná an bhochtaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad nó níos lú ná sin faoin mbliain 2020, ó ráta bonnlíne 6.3 faoin gcéad sa bhliain 2010. Is ann do dhá fho-sprioc i dtaobh na leanaí agus i dtaobh na líonta tí gan

---

1 Is mór ár meas ar chomhoibriú na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) ó thaobh an Monatóir ar an gCuimsiú Sóisialta a tháirgeadh. Is ar thorthaí athbhreithnithe na bliana 2011 (POS 2013. Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála agus torthaí athbhreithnithe na bliana 2010. Baile Átha Cliath: POS) a bhunaítear na figiúirí a thíolactar i gcomhair na bliana 2010. Mar sin, tá mionathrú déanta ar an bpríomhsprioc agus ar roinnt figiúr bonnlíne.

2 Chun eolas a fháil ar chuspóirí ardleibhéil agus ar ghníomhartha chun tacú leis an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta, féach an Tuarascáil ar an gCuimsiú Sóisialta ina gcorpraítear Tuarscálacha Bliantúla i gcomhair na mblianta 2011 agus 2012 (www.welfare.ie) agus an tEolas is Déanaí ar Chlár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann faoi Straitéis na hEorpa 2020 a d'fhoilsigh Roinn an Taoisigh (www.taoiseach.gov.ie)

duine fostaithe, agus tá na sonraí de na fo-spriocanna le comhaontú leis na páirtithe leasmhara. Ar áireamh fresin tá cion na hÉireann ar mhaithe le sprioc na hEorpa 2020. Bunaítear é seo ar chumasc de thrí tháscaire: an bhochtaineacht sheasmhach, ‘i mbaol na bochtaineachta’ agus an díothacht bhunúsach. Tá táscaire seo na ‘bochtaineachta cumaisc’ cosúil leis an tomhas a úsáidtear chun spriocdhaonra an Aontais Eorpaigh a shainmhíniú, dá dtagraítear mar ‘i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta’.

### Tábla 1.1 An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta

| An sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta | |
|---|---|
| **Príomhsprioc** | An bhochtaineacht sheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad nó níos lú ná sin faoin mbliain 2020, ó ráta bonnlíne 6.3 faoin gcéad sa bhliain 2010 |
| **Fo-sprioc i dtaobh na leanaí** | A mhéid atá leanaí faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí a laghdú tríd an difreálach idir leanaí agus daoine fásta a chúngú *(sonraí le comhaontú)* |
| **Fo-sprioc i dtaobh na líonta tí gan duine fostaithe** | A mhéid atá líonta tí gan duine fostaithe faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí a laghdú trí chionmhaireacht na líonta tí dá leithéid sa daonra ginéaralta a laghdú *(sonraí le comhaontú)* |
| **Sprioc na hEorpa 2020** | An spriocdhaonra faoi chuing na ‘bochtaineachta cumaisc’ (an bhochtaineacht sheasmhach, ‘i mbaol na bochtaineachta’ nó an díothacht bhunúsach) a laghdú d’íoslíon 200,000 |

Tá cúig cinn de tháscairí tacaíochta a chuireann taca faoin dul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta. Baintear feidhm cheana as dhá cheann de na táscairí chun an bhochtaineacht sheasmhach a chumadh: an díothacht bhunúsach agus ‘i mbaol na bochtaineachta’. Tá na trí tháscaire eile sách nua i gcomhthéacs na hÉireann:

- is éard atá i ‘sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach’ ná forluí an daonra idir na tairseacha ‘i mbaol na bochtaineachta’ 60 agus 70 faoin gcéad agus an díothacht bhunúsach.
- cuimsíonn ‘i mbaol na bochtaineachta’ roimh/i ndiaidh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta iarmhairt na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta; agus
- baineann ‘i mbaol na na bochtaineachta’ fréamhaithe feidhm as tairseach shocraithe ioncaim chun an bhochtaineacht a thomhas.

### Tábla 1.2 Táscairí tacaíochta i gcomhair na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta

| | |
|---|---|
| 'Sobhuailtón mbochtaineacht sheasmhach' | Céatadán an daonra a thaithíonn an díothacht bhunúsach agus ag a bhfuil ioncam idir 60 agus 70 faoin gcéad den airmheán |
| An díothacht bhunúsach | Céatadán an daonra a thaithíonn an díothacht bhunúsach |
| I mbaol na bochtaineachta | Céatadán an daonra ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun 60 faoin gcéad den ioncam airmheánach coibhéisithe náisiúnta |
| I mbaol na bochtaineachta roimh/i ndiaidh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta | An laghdú ceatadáin, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, sa ráta 'i mbaol na bochtaineachta' de thoradh na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta |
| 'I mbaol na bochtaineachta' fréamhaithe | Céatadán an daonra ag a bhfuil ioncam faoi bhun na tairsí 'i mbaol na bochtaineachta' 60 faoin gcéad, agus é fréamhaithe i luachanna 2010 |

Sa chuid dheireanach, tuairiscíonn an Monatóir ar tháscairí comhthéascúla. Áirítear leo seo miondealú ar an daonra, agus táscaire na bochtaineachta seasmhaí á úsáid; in éineacht le táscairí ar leith atá ina scáil ar bhuarthaí beartais náisiúnta agus Eorpacha, amhail éagothromas ioncaim, bochtaineacht bhia, eisiamh airgeadais agus bochtaineacht ag an obair.

Déantar anailís ar gach sprioc agus gach táscaire ar bhonn aonair sa Mhanatóir, trí úsáid a bhaint as léaráid chun an t-athrú ón mbliain bhonnlíne 2010 a thaispeáint, mar aon le tráchtaireacht ghearr. Ón uair gurb í an bhliain 2010 an bhliain bhonnlíne i gcoitinne, ní féidir ach treochtaí gearrthréimhseacha a chur i láthair de bhun shonraí na bliana 2011. Mar sin, chun na sonraí a chur i gcomhthéacs níos leithne, cuimsíonn na learáidí sonraí i gcomhair na bliana 2005 mar bhliain neamhspleách tagartha freisin. Roghnaíodh an bhliain 2005 toisc gurbh í sin an bhliain bhonnlíne i gcomhair na sprice náisiúnta bochtaineachta roimhe seo.

## 1.1 Comhthéacs maicreacnamaíoch agus sóisialta

Tugann an chuid seo forbhreathnú ar an gcomhthéacs maicreacnamaíoch agus sóisialta i rith na tréimhse tagartha ioncaim atá clúdaithe ag an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála 2011 (Eanáir 2010 go Nollaig 2011). Déanann Tábla 1.3 achoimre ar na macratháscairí i leith na tréimhse ó 2009 go 2011 agus i leith na bliana tagartha 2005 freisin. D'fhás an ghníomhaíocht gheilleagrach mar a thomhaistear de réir na hOlltáirgeachta Náisiúnta faoi ní ba lú ná 1 faoin gcéad sa bhliain 2010 agus laghdaigh sí faoi 2.5 faoin gcéad sa bhliain 2011, i ndiaidh titime 8.1 faoin gcéad sa bhliain 2009. Bhí an boilsciú, mar a thomhaistear de réir an phraghasinnéacs, ar 2.6 faoin gcéad sa bhliain 2011. I gcomparáid leis seo, ba é an ráta boilscithe sa bhliain 2010 ná -1.0 faoin gcéad agus ba é an ráta boilscithe sa bhliain 2009 ná -4.5 faoin gcéad.

D'fhás an ráta dífhostaíochta agus an ráta dífhostaíochta fadtréimhsí i rith na tréimhse ó 2010 go 2011. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go leanúnach ó 12 faoin gcéad sa bhliain 2009, go 13.8 faoin gcéad sa bhliain 2010 go 14.6 faoin gcéad sa bhliain 2011. Rinne an ráta dífhostaíochta fadtréimhsí méadú de ní ba mhó ná dúbailt sa tréimhse chéanna ó 3.5 faoin gcéad sa bhliain 2009 go 8.6 faoin gcéad sa bhliain 2011. Mhéadaigh táscaire gaolmhar, daoine fásta i líonta tí gan duine fostaithe, ó 13 faoin gcéad sa bhliain 2009 go 15.1 faoin gcéad sa bhliain 2010, go 15.9 faoin gcéad sa bhliain 2011.

### Tábla 1.3 Táscairí maicreacnamaíocha

| | 2005 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Olltáirgeacht Náisiúnta | 5.8% | -8.1% | 0.9% | -2.5% |
| Boilsciú | 2.5% | -4.5% | -1.0% | 2.6% |
| Ráta dífhostaíochta* | 4.4% | 12.0% | 13.8% | 14.6% |
| Ráta dífhostaíochta fadtréimhsí* | 1.4% | 3.5% | 6.7% | 8.6% |
| Daoine fásta (18-59) i líonta tí gan duine fostaíocht*# | 8.8% | 13.0% | 15.1% | 15.9% |

* Bunaítear na figiúirí ar mheáin bhliantiúla
# Daoine fásta atá idir 18 agus 59 mbliana d'aois agus ina gcónaí i líonta tí nach bhfuil aon duine den líon tí ag obair ann. Ní chuirtear scoláirí atá idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois agus atá ina gcónaí i líonta tí atá comhdhéanta de scoláirí amháin san áireamh.

Tugann Tábla 1.4 forbhreathnú ar an gcaiteachas coimirce sóisialaí. Sa bhliain 2011, ba é an caiteachas iomlán ar an gcoimirce shóisialach ná €21 billiún. Cé gur fhan an caiteachas coimirce sóisialaí ina stad, tríd is tríd, idir 2009 agus 2011, ba éard a bhí ann ná cionmhaireacht mhéadaitheach den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN), ó 15.6 faoin gcéad sa bhliain 2009 go 16.9 faoin gcéad sa bhliain 2011.

Bhí íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh á fáil ag 1.4 milliún duine sa bhliain 2011. Má chuirtear an 197,700 de dhaoine fásta cáilithe agus breis agus 583,425 de leanaí cáilithe san áireamh anseo, bhí 2,248,200 de thairbhithe sa chóras coimirce sóisialaí sa bhliain 2011, beagnach leath an daonra. Is éard atá sa líon seo ná méadú de níos mó ná 3 faoin gcéad ar fhigiúr na bliana 2009. Léiríonn an méadú an eochairfheidhm atá á comhlíonadh ag an gcóras coimirce sóisialaí mar chobhsaitheoir uathoibríoch i rith na géarchéime geilleagraí agus ó thaobh taca a chur faoin éileamh geilleagrach.

## Tábla 1.4 Caiteachas agus tairbhithe leasa shóisialaigh[3]

| | 2005 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas iomlán ar an leas sóisialach | €12.2bn | €20.5bn | €20.9bn | €21bn |
| Caiteachas leasa shóisialaigh mar chéatadán den OTN | 9.0% | 15.6% | 16.3% | 16.9% |
| Líon na bhfaighteoirí leasa shóisialaigh | 976,613 | 1,379,206 | 1,430,833 | 1,467,129 |
| Líon na ndaoine fásta cáilithe | 119,223 | 175,037 | 190,043 | 197,730 |
| Líon na leanaí cáilithe agus na leanaí eile | 373,270 | 522,013 | 558,552 | 583,425 |
| Líon na dtairbhithe | 1,469,106 | 2,076,256 | 2,179,428 | 2,248,284 |
| Líon na dtairbhithe mar % den daonra | 35.5% | 45.8% | 47.8% | 49.1% |

Taispeánann Tábla 1.5 na híosrátaí leasa shóisialaigh agus na rátaí tacaíochta ioncaim leanaí i leith na tréimhse ó 2009 go 2011. Laghdaíodh an t-íosráta pearsanta do dhaoine faoi bhun 66 bliana d'aois de €8.30 idir 2009 agus 2010 agus de €8 eile idir 2010 agus 2011. Mhéadaigh an t-íosráta pearsanta mar chéatadán den tairseach 'i mbaol na bochtaineachta' ó 88 faoin gcéad go 90 faoin gcéad sa tréimhse.

Thairis sin, laghdaigh ráta an duine fhásta cháilithe ina dhá chéim ó €135.60 sa bhliain 2009 go €124.80 sa bhliain 2011. Tharla méadú ar ráta an linbh cháilithe ó €26 sa bhliain 2009 go €29.80 sa bhliain 2010, ach d'fhan sé gan athrú sa bhliain 2011. I rith na tréimhse seo, laghdaigh an sochar linbh ó €38.18 (coibhéis sheachtainiúil) sa bhliain 2009 go €34.50 in aghaidh na seachtaine sa bhliain 2010 agus €32.20 sa bhliain 2011. D'fhan an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil gan athrú i rith na tréimhse. Ar an iomlán, thit comhluach na tacaíochta ioncaim leanaí thar na trí snáithe do theaghlaigh ar leas sóisialach ó €68 in aghaidh na seachtaine go €66 in aghaidh na seachtaine le linn na tréimhse ó 2009 go 2011. Mar sin féin, ba éard a bhí anseo ná cionmhaireacht mhéadaithe den íosráta pearsanta, agus shroich sé 35 faoin gcéad sa bhliain 2011, rud a bhí laistigh gan dua den spriocraon 33 go 35 faoin gcéad, mar a leagadh amach sa *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*.

3 Tagann na sonraí i gcomhair na dTáblaí 1.4 agus 1.5 ó Eolas Staitistiúil na Roinne Coimirce Sóisialaí ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh atá le fáil ar www.welfare.ie. Ní chuirtear faighteoirí an tSochair Linbh san áireamh.

## Tábla 1.5 Rátaí leasa shóisialaigh (coibhéis sheachtainiúil)

| | 2005 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Íosráta pearsanta | €148.80 | €204.30 | € 196.00 | €188.00 |
| Íosráta pearsanta mar % den tairseach 'i mbaol na bochtaineachta' | 77.2% | 88.4% | 91.7% | 90.1% |
| Ráta an duine fhásta cháilithe | €98.70 | €135.60 | €130.10 | €124.80 |
| Ráta an linbh cháilithe | €16.80 | €26.00 | €29.80 | €29.80 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil | €1.53 | €3.83 | €3.83 | €3.83 |
| Sochar linbh (An chéad leanbh) | €32.56 | €38.18 | €34.50 | €32.20 |
| Tacaíocht iomlán ioncaim leanaí | €50.89 | €68.01 | €68.13 | €65.83 |
| Tacaíocht ioncaim leanaí mar % den íosráta pearsanta | 34.2% | 33.3% | 34.8% | 35.0% |

## Cuid 2: Dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta

Scrúdaíonn an chuid seo an dul chun cinn chun an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta a bhaint amach. Ina theannta sin, léiríonn sí an dul chun cinn ó thaobh na bochtaineachta i measc na leanaí agus na líonta tí gan duine fostaithe[4], de bhun tháscaire na bochtaineachta seasmhaí (féach Bosca 1). Aithníodh an dá dhream seo mar chinn a thuilleann aird ar leith ó thaobh an bheartais de, ag féachaint do bhaol mór na bochtaineachta seasmhaí a bhaineann leo agus ag féachaint dá dtábhacht i dtaca leis an mbeartas sóisialta agus geilleagrach i gcoitinne.[5] Comhlánaíonn siad a chéile freisin sa chiall gur i líonta tí gan duine fostaithe atá tromlach na leanaí atá go seasmhach bocht.[6] D'aontaigh an Rialtas go socrófaí fo-spriocanna do na dreamanna seo tar éis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara.[7]

Is í sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020 ná 20 milliún duine ar a laghad a fhuascailt ó bhaol na bochtaineachta nó ó bhaol an eisiaimh shóisialta faoin mbliain 2020 (mar a thomhaistear de réir chumasc na dtrí tháscaire de chuid an Aontais Eorpaigh).[8] Tá spriocanna náisiúnta socraithe ag gach ceann de na 27 mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh chun a gcion a dhéanamh ar mhaithe le cuspóir na hEorpa 2020 ó thaobh an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta a laghdú. Is éard atá i sprioc 200,000 duine na hÉireann ná 1 faoin gcéad de sprioc fhoriomlán bhochtaineachta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le sciar na hÉireann de dhaonra an Aontais Eorpaigh.

---

4 Ciallaíonn líonta tí gan duine fostaithe na cinn nach n-oibríonn aon duine fásta iontu nó ina n-oibríonn na daoine fásta sa líon tí níos lú ná 20 faoin gcéad dá n-acmhainneacht iomlán oibre le bliain anuas. Taispeánann an taighde go dtaithíonn siad cineálacha míchuibheasacha an eisiaimh gheilleagraigh agus shóisialta araon agus go mbraitheann siad go mór ar íocaíochtaí aistritheacha sóisialta. Tá baol mór na bochtaineachta seasmhaí i measc na líonta tí gan duine fostaithe curtha i leith na bhfadhbanna struchtúracha toisc gur lú an dóchúlacht go gcónóidh daoine fásta dífhostaithe le daoine fásta ag obair agus gur mó an dóchúlacht go gcónóidh siad le leanaí. (Féach Watson, D., Maître, B. agus Whelan, C.T. 2012. An Obair agus an Bhochtaineacht in Éirinn, 2004 - 2010. Baile Átha Cliath: An Roinn Coimirce Sóisialaí agus An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

5 An Roinn Coimirce Sóisialaí 2012. An Sprioc Shóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta. www.socialinclusion.ie

6 Forbrófar an fho-sprioc um laghdú na bochtaineachta linbh i bhfianaise Chreat Beartais na Leanaí agus na nDaoine Óga atá le teacht agus atá á fhorbairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra. Tá an fho-sprioc i dtaobh na líonta tí gan duine fostaithe le comhaontú i bhfianaise an fhorfheidhmithe de Bhealaí chun na hOibre, beartas an Rialtais ar ghníomhachtúchán mhargadh an tsaothair.


7 Watson, D., Maître, B. agus Whelan, C.T. 2012. op. cit.

8 Sainmhíníonn sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020 a spriocdhaonra trí úsáid a bhaint as cumasc de thrí tháscaire ('i mbaol na bochtaineachta', díothacht ábharach throm agus ísealdéine oibre), dream ar a ndéantar cur síos mar dhream atá i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta.

## Bosca 1: An spriocdhaonra a shainmhíniú

Bunaítear an spriocdhaonra i leith na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta ar tháscaire na bochtaineachta seasmhaí go príomha. Is é an táscaire seo ná an forluí de dhá tháscaire ar leith: (i) 'i mbaol na bochtaineachta' a dhéanann tomhas ar an líon daoine a bhfuil a n-ioncam lín tí faoi bhun 60 faoin gcéad den airmheán agus (ii) díothacht bhunúsach a chuimsíonn daoine a bhíonn in easnamh 2 cheann nó níos mó de 11 bhunriachtanas. Tá duine faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí má tá sé/sí bocht ó thaobh an ioncaim de agus díothach araon.

### Táscairí Éireannacha na bochtaineachta




Is scáil í an bhochtaineacht sheasmhach ar thuiscint iltoiseach na bochtaineachta agus deartar í chun sainaithint a dhéanamh ar an daonra ar a bhfuil na riachtanais is mó maidir leis an ioncam íseal agus maidir leis an easpa acmhainní. Tá sé faighte amach freisin ag an taighde in Éirinn go bhfuil an-éifeacht le táscaire na bochtaineachta seasmhaí i rith an chúlaithe gheilleagraigh, ó thaobh na tosca geilleagracha struis agus baoil mar a bhraitear a bheith bainteach leis an mbochtaineacht a chuimsiú.9

I gcodarsnacht leis seo, tomhaistear cion na hÉireann ar mhaith le sprioc na hEorpa 2020 trí chumasc de na táscairí Éireannacha maidir le bochtaineacht sheasmhach, 'i mbaol na bochtaineachta' nó díothacht bhunúsach. Tá sé seo ar aon dul le modheolaíocht na hEorpa 2020 chun iltáscairí a chur le chéile, seachas a bheith ag díriú ar fhorluí na dtáscairí mar atá i gceist le cur chuige na hÉireann.

9 Watson, D. agus Maître, B. 2012. Páipéar Teicniúil ar Tháscairí na Bochtaineachta. Aguisín C: Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Sprioc Náisiúnta na Bochtaineachta. www.socialinclusion.ie

**An phríomhsprioc:**

an bhochtaineacht sheasmhacha laghdú go 4 faoin gcéad faoin mbliain 2016 agus go 2 faoin gcéad faoin mblianin 2020, ó ráta bonnlíne 6.3 faoin gcéad sa bhliain 2010.

Taispeánann Figiúr 2.1 gurbh é ráta na bochtaineachta seasmhaí sa bhliain 2011 ná 6.9 faoin gcéad, rud nach athrú suntasach ó thaobh staitistice de é ar an bhfigiúr 6.3 faoin gcéad sa bhliain 2010. Cé go dtugann sé seo le tuiscint gur beag an dul chun cinn a tharla chun an sprioc shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta a bhaint amach i rith thréimhse gheilleagrach chrua na bliana

2011, tá 5 bliana fágtha fós go dtí an sprioc 4 faoin gcéad sa bhliain 2016 agus 9 mbliana go dtí an sprioc 2 faoin gcéad nó níos lú ná sin less sa bhliain 2020.

## Figiúr 2.1 Dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta | 7.0% | 6.3% | 6.9% | | | | | | | | | |
| Sprioc | | 6.3% | | | | | | 4.0% | | | | 2.0% |
| Nos. ('000s) | 289 | 287 | 316 | | | | | | | | | |

**Fo-sprioc i dtaobh na leanaí:**

A mhéid atá leanaí faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí a laghdú tríd an di freálach idir leanaí agus daoine fásta a chúngú[10]

Sa bhliain 2011, ba é ráta na bochtaineachta seasmhaí i gcomhair na leanaí ná 9.3 faoin gcéad, arbh éard a bhí ann ná méadú 0.5 faoin gcéad ó 8.8 faoin gcéad sa bhliain 2010, cé nach bhfuil an t-athrú suntasach ó thaobh staitistice de (Figiúr 2.2). Sa bhliain 2011, bhí sé 1.6 oiread ní ba dhochúla go raibh leanaí faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí i gcomparáid le daoine fásta. Ní raibh aon athrú ar an difreálach idir 2010 agus 2011.

## Figiúr 2.2 Rátaí na bochtaineachta seasmhaí i gcomhair leanaí agus daoine fásta




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Stát | 7.0% | 6.3% | 6.9% | | | | | 4.0% | | | | 2.0% |
| Leanaí | 10.8% | 8.8% | 9.3% | | | | | | | | | |
| Daoine Fásta | 5.6% | 5.4% | 6.0% | | | | | | | | | |
| Difreálach | 1.9 | 1.6 | 1.6 | | | | | | | | | |

10 Ón uair go bhfuil na sonraí den fho-sprioc le comhaontú go fóill, tuairiscíonn an fho-chuid seo ar na treochtaí ábhartha.


**Fo-sprioc i dtaobh na líonta tí gan duine fostaithe:**

A mhéid atá líonta tí gan duine fostaithe faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí a laghdú trí chionmhaireacht na líonta tí dá leithéid sa daonra ginearálta a aghdú[11]

Miondealaíonn Figiúr 2.3 ráta na bochtaineachta seasmhaí de réir na líonta tí gan duine fostaithe agus de réir na líonta tí le duine fostaithe. Sa bhliain 2011, as céatadán 6.9 faoin gcéad den daonra a bhí faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí, bhí líonta tí gan duine fostaithe ar 5.1 faoin gcéad (sciar 74.1 faoin gcéad) agus bhí líonta tí le duine fostaithe ar ní ba lú ná 2 faoin gcéad (sciar 26 faoin gcéad). Ba mhéadú é figiúr na bliana 2011 do líonta tí gan duine fostaithe ar 2010 nuair ba 4.5 faoin gcéad de ráta na bochtaineachta seasmhaí iad (sciar 71.3 faoin gcéad).

Tá sciar mór na bochtaineachta seasmhaí a eascraíonn ó líonta tí gan duine fostaithe ina scáil ar dhá thoisc: ar an gcéad dul síos, ráta i bhfad níos airde na bochtaineachta seasmhaí i dtaobh na líonta tí gan duine fostaithe i gcomparáid le líonta tí le duine fostaithe (24.2 faoin gcéad in aghaidh 2.7 faoin gcéad sa bhliain 2011)[12]; agus ar an dara dul síos, an chionmhaireacht mhéadaitheach den daonra ginearálta i líonta tí gan duine fostaithe (24 faoin gcéad sa bhliain 2011, arbh éard a bhí ann ná méadú ó 22 faoin gcéad sa bhliain 2010).[13]

## Figiúr 2.3 Ráta na bochtaineachta seasmhaí miondealaithe de réir na líonta tí gan duine fostaithe agus na líonta tí le duine fostaithe




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta na líonta tí le duine fostaithe | 1.6% | 1.8% | 1.8% | | | | | | | | | |
| Ráta na líonta tí gan duine fostaithe | 5.4% | 4.5% | 5.1% | | | | | | | | | |
| Sprioc Shóisialta Náisiúnta | | | | | | | | 4.0% | | | | 2.0% |

11 Ón uair go bhfuil na sonraí den fho-sprioc le comhaontú go fóill, tuairiscíonn an fho-chuid seo ar na treochtaí ábhartha.

12 Ba iad na rátaí inchomparáide sa bhliain 2010 ná 23.3 faoin gcéad agus 2.7 faoin gcéad.


13 Tá cionmhaireacht an daonra i líonta tí gan duine fostaithe san áireamh mar tháscaire comhthéacsúil i gCuid 4 thíos. Chun cur agus cúiteamh ar chinntithigh an táscaire seo a léamh, féach Watson, D., Maître, B. agus Whelan, C.T. 2012. op. cit.

**Sprioc na hEorpa 2020:**

an daonra faoi chuing na ‘bochtaineachta cumaisc’ (an bhochtaineacht sheasmhach, ‘i mbaol na bochtaineachta’ nó an díothacht bhúnúsach) a laghdú d’íoslíon 200,000

Léiríonn Figiúr 2.4 an dul chun cinn progress ar an gcion náisiúnta ar mhaithe le sprioc na hEorpa 2020. Sa bhliain 2011, bhí trian dhaonra na hÉireann (33.6 faoin gcéad) faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí, i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol na díothachta búnúsaí, arbh éard a bhí ann ná méadú ó 31 faoin gcéad sa bhliain 2010. I dtaca leis an sprioc uimhriúil, tharla méadú 127,000 sa spriocdhaonra idir 2010 agus 2011. Ar an gcaoi sin, ionas go bhféadfar sprioc na hEorpa 2020 a shroicheadh, caithfear laghdú 327,000 ar fhigiúr na bliana 2011 a bhaint amach faoin mbliain 2020.

### Figiúr 2.4 Dul chun cinn maidir leis an gcion náisiúnta ar mhaithe le sprioc na hEorpa 2020[14]




| | 2008 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cumasc ÉI | 24.0% | 31.0% | 33.6% | | | | | | | | | 26.6% |
| Cumasc ÉI (mílte) | | 1,412 | 1,539 | | | | | | | | | 1,212 |
| Cumasc AE | 23.7% | 29.9% | | | | | | | | | | |
| Cumasc AE (mílte) | | 1,335 | | | | | | | | | | |

Sa bhliain 2011, bhí 119.6 milliún duine, nó 24.2 faoin gcéad de dhaonra 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta, i gcomparáid le 23.4 faoin gcéad sa bhliain 2010. Is éard atá ann ná méadú 4 milliún ón mbliain 2010, nach mór.


14 Tagraíonn cumasc ÉI do sciar an daonra faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí, i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol na díothachta bunúsaí. Tagraíonn cumasc AE do sciar dhaonra na hÉireann i mbaol na bochtaineachta, i mbaol na díothachta ábharaí troime nó i líon tí gan duine fostaithe. Níl sonraí de spriocdhaonra inchomparáide na hEorpa 2020 ar fáil i leith na bliana 2011. Chun a thuilleadh eolais ar spriocdhaonra an Aontais Eorpaigh a fháil, féach http://epp.eurostat.ec.europa.eu/statistics_explained/index.php/People_at_risk_of_poverty_or_social_exclusion

## Cuid 3: Táscairí tacaíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice

Mar a dúradh roimhe seo, baintear feidhm as cúig tháscaire eile chun tacú le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta. Cuimsíonn na táscairí tacaíochta seo gnéithe tábhachtacha na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a chuireann taca faoin sprioc náisiúnta. An chéad táscaire ná 'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach'. Déanann sé seo sainaithint ar an daonra a thaithíonn an díothacht bhunúsach agus arb é a n-ioncam ná méid idir 60 agus 70 faoin gcead den airmheán (féach Bosca 2). Tá an táscaire seo inchurtha leis an mbochtaineacht sheasmhach, ach amháin go bhfuil ioncam coibhéisithe an lín tí beagáinín níos airde. Comhlánaíonn sé táscaire na bochtaineachta seasmhaí tríd an díothacht bhunúsach díreach os cionn na tairsí 60 faoin gcéad i mbaol na bochtaineachta a chur san áireamh.[15]

Is iad an dara táscaire agus an tríú táscaire ná comhchodanna aonair na bochtaineachta seasmhaí: an díothacht bhunúsach agus 'i mbaol na bochtaineachta'.[16] An dá tháscaire dheireanacha ná iarmhairt na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta ar an ráta 'i mbaol na bochtaineachta'[17] agus an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' agus é fréamhaithe i luachanna na bliana 2010.[18]

### Bosca 2: Táscaire 'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach'




15 Watson, D., Maître, B. agus Whelan, C.T. 2012. op. cit.
16 Meastar an díothacht bhunúsach a bheith ina tomhas éifeachtach mar tá nasc láidir aige le tosca baoil ó thaobh na bochtaineachta agus, le linn an chúlaithe gheilleagraigh, cuimsíonn sí athruithe níos luaithe ná tomhais eile. Tá roinnt míbhuntáistí ag an táscaire 'i mbaol na bochtaineachta' le linn tréimhsí mhearfhairsingiú an gheilleagair nó tréimhsí mhearchúngú an gheilleagair. Cuir i gcás, i meathlú geilleagrach nuair a thiteann an t-ioncam airmheánach, d'fhéadfadh ní ba lú daoine i mbaol na bochtaineachta a bheith mar thoradh ar an laghdú sa tairseach, cé nár athraigh a bhfíorioncam in aon chor. Tá moill maidir le tomhas na n-athruithe ioncaim mar is í an tréimhse thagartha ioncaim ná na 12 mhí roimh an suirbhé (Ibid).
17 Ní chuirtear pinsin san áireamh i gcoitinne mar meastar iad a bheith ina n-aistriú ó ghlúin go glúin seachas íocaíocht aistritheach sóisialta. Féach Coiste na Coimirce Sóisialaí 2012. An Eoraip Shóisialta: Na Dúshláin Reatha agus an Bealach Chun Tosaigh: Tuarascáil Bhliantúil Choiste na Coimirce Sóisialaí (2012). An Bheilg: Aontas Eorpach.
18 Tá an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' agus é fréamhaithe in am ina scáil ar athruithe sna dálaí seasta maireachtála, de rogha ar athruithe sna dálaí coibhneasta maireachtála. Is táscaire áisiúil é, mar sin, in am na héiginnteachta geilleagraí, mar déanann sé athruithe ar fhíorioncaim a thomhas.

**Sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach':**

céatadán an daonra a thaithíonn an díothacht bhunúsach agus ag a bhfuil ioncam idir 60 agus 70 faoin gcéad den airmheán

Taispeánann Figiúr 3.1 gur beag an t-athrú, don chuid is mó, a bhí ar an táscaire 'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach' idir 2010 (3.9 faoin gcéad) agus 2011 (3.8 faoin gcéad). Bhí beagnach 11 faoin gcéad den daonra 'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach' nó faoi chuing na bochtaineachta seasmhaí, arbh éard a bhí ann ná méadú beag ó 10.2 faoin gcéad sa bhliain 2010.

## Figiúr 3.1 'Sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach'





| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'Sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach' | 2.8% | 3.9% | 3.8% | | | | | | | | | |
| An bhochtaineacht sheasmhach nó 'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach' | 9.3% | 10.2% | 10.7% | | | | | | | | | |
| 'Sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach' (mílte) | 116 | 178 | 174 | | | | | | | | | |

**An díothacht bhunúsach:**
céatadán an daonra a thaithíonn dhá chineál den díothacht bhunúsach nó níos mó ná dhá chineál di.

Taispeánann Figure 3.2 go raibh ráta na díothachta bunúsaí sa bhliain 2011 ar 24.5 faoin gcéad, arbh éard a bhí ann ná méadú ó 22.6 faoin gcéad sa bhliain 2010.[19] Orthu siúd a thuairiscigh aon chineál díothachta bunúsaí, thaithigh 15.7 faoin gcéad díothacht maidir le mír amháin, thaithigh 9.2 faoin gcéad díothacht maidir le dhá mhír agus thaithigh 15.4 faoin gcéad díothacht maidir le trí mhír nó ní ba mhó ná sin. Ba í an mhír dhíothachta ba mhinicí a tuairiscíodh ná gan a bheith in acmhainn troscán nua a chur in ionad troscáin chaite (21.7 faoin gcéad), agus ina dhiaidh sin gan a bheith in acmhainn maidin, iarnóin nó tráthnóna scléipe a bheith acu le coicís anuas (21.1 faoin gcéad), agus thuairiscigh 14.8 faoin gcéad nach raibh siad in acmhainn cuireadh a thabhairt do chairde chun deoch nó béile a ghlacadh ina dteannta uair sa mhí. Lena chois sin, thuairiscigh cionmhaireacht mhór go raibh siad gan téamh am éigin le bliain anuas (12.2 faoin gcéad).

## Figiúr 3.2 An díothacht bhunúsach




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An díothacht bhunusach | 14.8% | 22.6% | 24.5% | | | | | | | | | |
| An díocthacht bhunúsach ( mílte) | 616 | 1,029 | 1,122 | | | | | | | | | |

19 Tá an díothacht bhunúsach méadaithe go mór le linn an chúlaithe mar téitear i bhfeidhm ar an tomhaltas in am na héiginnteachta geilleagraí nuair a ghearrann daoine an caiteachas siar toisc go mbíonn siad ag coinne le titim eile san ioncam (nó toisc go mbíonn eagla orthu roimh a leithéid) (féach Watson, D. agus Maître, B. 2012. op. cit).

**I mbaol na bochtaineachta:**
céatadán an daonra ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun 60 faoin gcéad den ioncam airmheánach

Nochtann Figiúr 3.3 gur mhéadaigh an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' ó 14.7 faoin gcéad sa bhliain 2010 go 16 faoin gcéad sa bhliain 2011. Ba í an tairseach 'i mbaol na bochtaineachta' sa bhliain 2011 ná €209 in aghaidh na seachtaine do dhuine aonair nó €485 do theaghlach ceathrair (beirt dhuine fásta agus beirt leanbh). Laghdaigh an tairseach ó bhí 2010 ann, nuair ab í an tairseach ná €214 in aghaidh na seachtaine do dhuine aonair agus €496 do theaghlach ceathrair.

## Figiúr 3.3 I mbaol na bochtaineachta





| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I mbaol na bochtaineachta | 18.5% | 14.7% | 16.0% | | | | | | | | | |
| I mbaol na bochtaineachta (mílte) | 765 | 670 | 733 | | | | | | | | | |
| Tairseach (sheachtainiúil) | €193 | €214 | €209 | | | | | | | | | |

**An ráta 'i mbaol na bochtaineachta' roimh agus i ndiaidh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta:** an laghdú ceatadáin, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, sa ráta 'i mbaol na bochtaineachta' de thoradh na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta

Léiríonn Figiúr 3.4 gur fheidhmigh na híocaíochtaí aistritheacha sóisialta go láidir, sa bhliain 2011, ó thaobh an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' a laghdú ó 40 faoin gcéad roimh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta, gan pinsin a chur san áireamh, go 16 faoin gcéad i ndiaidh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta. Mar sin, rinneadh 23.8 faoin gcéad den daonra a fhuascailt ón mbochtaineacht de thoradh na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta sa bhliain 2011, rud a bhí cosúil leis an laghdú sa bhliain 2010 (24.4 faoin gcéad).[20] I dtéarmaí coibhneasta[21], seo éifeacht laghdaithe bhochtaineachta 60 faoin gcéad. Ba laghdú beag é seo ó 62.4 faoin gcéad sa bhliain 2010.[22] Ina dhiaidh sin féin, tá feidhmíocht na hÉireann ó thaobh an bhochtaineacht a laghdú i bhfad os cionn mheán 35 faoin gcéad an Aontais Eorpaigh.

## Figiúr 3.4 Iarmhairt na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta ar an ráta 'i mbaol na bochtaineachta'




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Laghdú Absalóideach i mbaol na bochtaineachta ráta mar gheall ar aistrithe sóisialta (gan pinsin) (LHS) | 13.6% | 24.4% | 23.8% | | | | | | | | | |
| Ag mbaol na bochtaineachta ráta tar éis aistrithe sóisialta (LHS) | 18.5% | 14.7% | 16.0% | | | | | | | | | |
| % Laghdú ('éifeacht laghdú bochtaineachta') i ráta i mbaol na bochtaineachta (gan pinsin) (RHS) | 42.4% | 62.4% | 59.8% | | | | | | | | | |

20 Tá an díothacht bhunúsach méadaithe go mór i rith an chúlaithe mar téitear i bhfeidhm ar an tomhaltas in am na héiginnteachta geilleagraí nuair a ghearrann daoine an caiteachas siar toisc go mbíonn siad ag coinne le titim eile san ioncam (nó toisc go mbíonn eagla orthu roimh a leithéid) (féach Watson, D. agus Maître, B. 2012. op. cit).


21 Déanann laghdú coibhneasta na bochtaineachta (a chuirtear i láthair mar athrú céatadáin) tomhas ar an laghdú sa bhochtaineacht i gcoibhneas le leibhéal na bochtaineachta roimh íocaíochtaí aistritheacha sóisialta.

22 Má chuirtear pinsin san áireamh, tá an éifeacht laghdaithe bhochtaineachta níos mó fós, fiú. Sa bhliain 2011 ba í an an éifeacht laghdaithe bhochtaineachta ná 68.4 faoin gcéad, agus pinsin san áireamh, arbh éard a bhí ann ná laghdú beag ó 70.7 faoin gcéad sa bhliain 2010.

**‘I mbaol na bochtaineachta’ fréamhaithe:**
céatadán an daonra ag a bhfuil ioncam faoi bhun na tairsí ‘i mbaol na bochtaineachta’ 60 faoin gcéad, agus í fréamhaithe i luachanna 2010

Taispeánann Figiúr 3.5 gurbh é an ráta ‘i mbaol na bochtaineachta’ sa bhliain 2011, agus é fréamhaithe i luachanna na bliana 2010, ná 17.7 faoin gcéad. Ba é seo méadú 3 faoin gcéad ar 2010. Thairis sin, bhí an ráta fréamhaithe ‘i mbaol na bochtaineachta’ sa bhliain 2011 (17.7 faoin gcéad) níb airde ná an ráta coibhneasta ‘i mbaol na bochtaineachta’ (16 faoin gcéad). Sa bhliain 2011, ba í an tairseach fhréamhaithe ‘i mbaol na bochtaineachta’ ná €217 in aghaidh na seachtaine do dhuine aonair, i gcomparáid leis an tairseach choibhneasta ‘i mbaol na bochtaineachta’ €209 in aghaidh na seachtaine (féach Figiúr 3.3).

### Figiúr 3.5 An ráta ‘i mbaol na bochtaineachta’ fréamhaithe i luachanna 2010




| | 2005 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta 'I mbaol na bochtaineachta' fréamhaithe san am | 19.9% | 14.7% | 17.7% | | | | | | | | | |
| Tairseach ( sheachtainiúil) | €197 | €214 | €217 | | | | | | | | | |

Déanann an chuid dheireanach den tuarascáil monatóireacht ar na treochtaí sna táscairí comhthéacsúla a bhaineann leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Tíolacann an chéad chuid táscaire na bochtaineachta seasmhaí, agus é imdhealaithe de réir an ghrúpa shóisialta, agus déanann an dara cuid cur síos ar raon níos leithne de tháscairí an eisiaimh shóisialta a bhaineann le saincheisteanna ar leith ó thaobh an bheartais shóisialta de.

## 4.1 Imdhealú ar an mbochtaineacht sheasmhach de réir an ghrúpa shóisialta

Taispeánann Tábla 4.1 go leanann an bhochtaineacht sheasmhach de dhul i bhfeidhm go díréireach ar roinnt grúpaí. Orthu seo tá líonta tí gan duine fostaithe (24.2 faoin gcéad), iad siúd a chónaíonn i dtithíocht shóisialta (21.5 faoin gcéad), daoine dífhostaithe (16.5 faoin gcéad) agus líonta tí tuismitheoirí aonair (16.4 faoin gcéad). Thaithigh dhá cheann de na grúpaí seo a thuilleadh donachtaí ar a ndálaí maireachtála sa bhliain 2011: tionóntaí tithíochta sóisialta agus líonta tí tuismitheoirí aonair. Tá rátaí na bochtaineachta seasmhaí i bhfad níos ísle dóibh siúd atá i bhfostaíocht, do dhaoine scothaosta, agus do dhaoine a chónaíonn i dtithíocht úinéirí lonnaitheacha (3.8 faoin gcéad).

### Tábla 4.1 An bhochtaineacht sheasmhach imdhealaithe de réir an ghrúpa shóisialta[23]

| | *2005* | *2010* | *2011* |
|---|---|---|---|
| Ráta Náisiúnta | *7.0* | *6.3* | *6.9* |
| Inscne | | | |
| Fireann | *6.8* | *5.8* | *6.9* |
| Baineann | 7.2 | 6.8 | 6.9 |
| Timthriall na Beatha | | | |
| Leanaí (0-17 de bhlianta) | 10.8 | 8.8 | 9.3 |
| Aois oibre (18-64 de bhlianta) | *6.7* | *6.2* | *6.8* |
| Daoine scothaosta (65+ bliana) | 3.1 | 0.9 | 1.9 |
| Daoine faoi mhíchumas[24] | 14.1 | 7.3 | 6.9 |
| Grúpaí leochaileacha | | | |
| Dífhostaithe | *23.7* | *16* | *16.5* |
| Tithíocht shóisialta | *21.7* | *17.3* | *21.5* |
| Líonta tí tuismitheora aonair | 26.9 | 13.6 | 16.4 |
| Líonta tí gan duine fostaithe | 39 | 23.3 | 24.2 |

23 Ní éascóidh tacar sonraí Shuirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála an t-imdhealú i dtaca le gach ceann de naoi bhforas an chomhionannais. Is iad na cinn nach gcuirtear san áireamh ná stádas sibhialta, gnéaschlaonadh, creideamh, cine, agus ballraíocht den Lucht Siúil.

24 Ní áirítear ceist ar an 'míchumas' leis an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála. Mar sin, baintear feidhm as seachthomhas do dhaoine a fhreagraíonn go bhfuil siad 'teoranta go mór' le sé mhí anuas de dheasca faidhbe sláinte maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth.

## 4.2 Táscairí um chuimsiú sóisialta

Taispeánann Tábla 4.2 gur laghdaigh an meánioncam indiúscartha faoi 3 faoin gcéad ó €424 in aghaidh na seachtaine sa bhliain 2010 go €411 sa bhiain 2011. Is beag an t-athrú, don chuid is mó, a tháinig ar an éagothromas ioncaim idir 2010 agus 2011 de bhun comhéifeachta Gini (31 faoin gcéad) agus de bhun chóimheas sciar na cúigile ioncaim (4.9). Ar bhonn comparáideach, tá leibhéal an éagothromais ioncaim in Éirinn beagáinín níos ísle ná meán an Aontais Eorpaigh.[24]

Mhéadaigh doimhneacht na bochtaineachta (a thomhaistear de réir na bearna coibhneasta 'i mbaol na bochtaineachta', féach an Ghluais chun sonraí a fháil den chaoi a ríomhtar an tomhas seo) faoi 1.9 faoin gcéad idir 2010 agus 2011, ó 17.7 faoin gcéad go 19.6 faoin gcéad. Mhéadaigh céatadán na líonta tí gan duine fostaithe ó 21.6 faoin gcéad sa bhliain 2010 go 24 faoin gcéad sa bhliain 2011. Mhéadaigh an bhochtaineacht ag an obair ó 5.7 faoin gcéad sa bhliain 2010 go 6.5 faoin gcéad sa bhliain 2011.

Tá an bhochtaineacht bhia agus an t-eisiamh airgeadais tagtha chun cinn mar rud ar a bhfuil pléití an bheartais shóisialta dírithe le blianta beaga anuas. Thaithigh 10 faoin gcéad den daonra an bhochtaineacht bhia (mar a thomhaistear trí cheann de thrí mhír de dhíothacht bhia) sa bhliain 2011, rud a bhí cosúil leis an mbliain 2010. Bhí seacht déag faoin gcéad de líonta tí faoi eisiamh airgeadais (ní raibh fáil acu ar chuntas reatha bainc) sa bhliain 2011, rud a bhí gan athrú ón mbliain 2010 freisin.

### Tábla 4.2 Táscairí um chuimsiú sóisialta*

| | *2005* | *2010* | *2011* |
|---|---|---|---|
| Ioncam indiúscartha coibhéisithe (seachtainiúil) | *€ 379* | *€ 424* | *€ 411* |
| Cóimheas sciar na cúigile S80/S20 | *5.1* | *4.9* | *4.9* |
| Comhéifeacht Gini | 32.4% | 31.6% | 31.1% |
| Bearna choibhneasta 'i mbaol na bochtaineachta' | *20.6%* | *17.7%* | *19.6%* |
| Líonta Tí Gan Duine Fostaithe | *15%* | *21.6%* | *24%* |
| Ráta na bochtaineachta ag an obair | 7% | 5.7% | 6.5% |
| Bochtaineacht bhia | *8%* | *10%* | *10%* |
| Eisiamh airgeadais | n/a | 17% | 17% |

* Cuirtear sainmhínithe ar fáil sa Ghluais in Aguisín 2

25 http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/eurostat/home/

# Aguisín 1

## Nóta Teicniúil ar an Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála

Is éard atá sa *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála* ná suirbhé bliantúil a dhéanann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar shampla ionadaíoch de bhreis agus 4,000 líon tí nó 11,000 duine aonair in Éirinn. Bailíonn an suirbhé eolas ar dhálaí ioncaim agus maireachtála na líonta tí éagsúla in Éirinn, ionas gur féidir táscairí a bhaint ar an mbochtaineacht, ar an díothacht agus ar an eisiamh sóisialta. Déantar é i ngach tír an Aontais Eorpaigh faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus thosaigh sé in Éirinn i Mí an Mheithimh 2003.

### Leasú ar thorthaí an tSuirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála i 2010

Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh leasú ar thorthaí na bliana 2010 tar éis im-scrúdú fairsing a dhéanamh ar aimhrialtachtaí sna sonraí. Sa bhliain 2010, rinne-adh athruithe ar phróiseáil na sonraí arbh éard an toradh a bhí orthu ná a bheith ag caitheamh go mícheart i gcásanna áirithe le cáin, ioncam agus ranníocaíochtaí pinsin (go háirithe an tobhach ioncaim[25]). Chuaigh na hathruithe seo i bhfeidhm go mór mór ar dhaoine ar an gcuid ab airde den dáileadh. Ina theannta sin, bhí grúpa daoine taifeadta go mícheart mar dhaoine nach raibh aon ioncam acu.

26 Is éard atá sa tobhach ioncaim, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2009, ná tobhach is iníoctha ar an ollioncam, agus pá barúlach san áireamh, roimh aon fhaoiseamh ó aon liúntas caipitil, aon chaillteanas nó aon ranníocaíocht phinsin.

# Aguisín 2

## Gluais

Is é **'i mbaol na bochtaineachta'** ná céatadán an daonra a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun 60 faoin gcéad den ioncam airmheánach coibhéisithe náisiúnta acu.

Is é **an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' fréamhaithe san am** ná céatadán an daonra faoi bhun na tairsí 60 faoin gcéad i mbaol na bochtaineachta agus é fréamhaithe ag nóiméad ar leith san am agus é coigeartaithe de réir an bhoilscithe.

Is é **an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' i ndiaidh íocaíochtaí aistritheach sóisialta** ná céatadán an daonra a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun 60 faoin gcéad den ioncam airmheánach acu an túisce atá na híocaíochtaí aistritheacha sóisialta go léir curtha san áireamh.

Is í an **díothacht bhunúsach** ná táscaire Éireannach a chuimsíonn daoine a bhíonn in easnamh 2 cheann nó níos mó de 11 bhunriachtanas, de cheal ioncaim. Seo díothacht a bhrúitear ar dhuine seachas é a bheith de rogha phearsanta ag duine gan na rudaí sin a bheith aige. An 11 mhír a úsáidtear chun an innéacs díothachta a chruthú ná:

- gan a bheith in acmhainn dhá phéire bróg láidir a cheannach
- gan a bheith in acmhainn cóta mór teolaí uiscedhíonach a cheannach
- gan a bheith in acmhainn éadaí nua a cheannach (seachas cinn athláimhe)
- gan a bheith in acmhainn béile le feoil, sicín nó iasc (macasamhail ghlasránach) gach re lá
- gan a bheith in acmhainn spóla rósta feola nó a mhacasamhail uair sa tseachtain
- gan téamh am éigin le bliain anuas de cheal airgid
- gan a bheith in acmhainn an baile cónaithe a choimeád te go leor
- gan a bheith in acmhainn bronntanais a cheannach do do mhuintir nó do do chairde uair sa bhliain ar a laghad
- gan a bheith in acmhainn troscán nua a chur in ionad troscáin chaite
- gan a bheith in acmhainn cuireadh a thabhairt do do mhuintir nó do do chairde chun deoch nó béile a ghlacadh i do theannta uair sa mhí
- gan a bheith in acmhainn maidin, iarnóin nó tráthnóna scléipe a bheith acu le coicís anuas.

Tomhaiseann **an bhochtaineacht sheasmhach** daoine atá i mbaol na bochtaineachta agus a thaithíonn an díothacht bhunúsach.

**An difríocht idir tomhais 'bhochtaineacht chumaisc' na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh** – Baineann Éire agus an tAontas Eorpach araon feidhm as tomhas um 'bochtaineacht chumaisc' maidir le sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020. Bunaítear tomhas na hÉireann ar chumasc de thrí tháscaire – an bhochtaineacht sheasmhach, 'i mbaol na bochtaineachta' nó an díothacht bhunúsach. Bunaítear tomhas an Aontais Eorpaigh ar chumasc de thrí tháscaire atá ábhar éagsúil – 'i mbaol na bochtaineachta', an díothacht ábharach throm agus an ísealdéine oibre. Níl an ísealdéine oibre ar áireamh i dtomhas na hÉireann ach ní hé sin an t-aon difríocht amháin atá eatarthu.

Gineann an tomhas 'i mbaol na bochtaineachta' torthaí éagsúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta de thoradh na ndifríochtaí ó thaobh shainmhíniú an ollioncaim. Ní áirítear ioncam ó phinsin phríobháideacha ná luach na n-earraí a tháirgtear i gcomhair do thomhaltais féin le sainmhíniú an Aontais Eorpaigh. Lena chois sin, áirítear ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh na bhfostóirí le sainmhíniú náisiúnta an ollioncaim ach coinnítear amach ó shainmhíniú an Aontais Eorpaigh iad.

Thairis sin, baineann an tAontas Eorpach feidhm as a mhalairt de scála coibhéise (scála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch – ECFE) agus ní an ceann a úsáidtear i gcomhair tháscairí náisiúnta na hÉireann (féach thíos). Tugann an ECFE meáchan 1 don chéad duine fásta, 0.5 do gach duine fásta ina dhiaidh sin agus 0.3 do gach leanbh. Is í éifeacht na ndifríochtaí seo de ghnáth ná go gcláraítear ráta bhaol na bochtaineachta níos airde trí shainmhínithe an Aontais Eorpaigh a úsáid ná mar a chláraítear trí shainmhínithe náisiúnta a úsáid.

I dtaca leis an díothacht, déanann cur chuige na hÉireann sainaithint orthu siúd a thaithíonn 'an díothacht bhunúsach' (a bheith in easnamh 2 cheann as 11 mhír). Is éard atá i gceist le cur chuige an Aontais Eorpaigh ná sainaithint a dhéanamh orthu siúd a thaithíonn 'an díothacht ábharach throm' (a bheith in easnamh 4 cinn nó níos mó as 9 mír), rud atá i bhfad níos déine mar chritéar ná an ceann Éireannach. Déanann tomhas na hÉireann sainaithint ar chionmhaireacht beagáinín níos airde den daonra mar dhaoine díothacha agus tá sé faighte amach go bhfuil sé seo níos iontaofa i gcomhthéacs na hÉireann.[26]


**Ioncam Indiúscartha** – déantar ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialaigh a shuimiú go dtí leibhéal an lín tí agus baintear iad ó ollioncam an lín tí chun *ioncam indiúscartha iomlán an lín tí* a ríomh.

27 Chun plé níos mine a fháil de thomhais díothachta na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh féach Caibidil 4 (leathanaigh 36-56) de Watson, D. agus Maître, B. 2012. Páipéar Teicniúil ar Tháscairí na Bochtaineachta. Aguisín C: Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Sprioc Náisiúnta na Bochtaineachta. www.socialinclusion.ie.

Sainmhínítear **an t-ioncam coibhéisithe** mar ioncam indiúscartha iomlán an lín tí agus é roinnte faoina “mhéid choibhéiseach”, chun méid agus comhdhéanamh an lín tí a chur san áireamh, rud atá curtha i leith ansin do gach duine den líon tí.

Baintear feidhm as **scálaí coibhéise** chun *méid choibhéisithe an lín tí* a ríomh sa líon tí. Tugann an scála náisiúnta meáchan 1 don chéad duine fásta, 0.66 do gach duine fásta ina dhiaidh sin (14+ bliana d’aois a chónaíonn sa líon tí) agus 0.33 do gach leanbh faoi bhun 14 bliana d’aois.

Sainmhíníonn **sprioc bhochtaineachta na hEorpa 2020** a spriocdhaonra trí úsáid a bhaint as cumasc de thrí tháscaire (‘i  mbaol na bochtaineachta’, an díothacht ábharach throm agus an ísealdéine oibre), dream ar a ndéantar cur síos mar a bheith i mbaol na bochtaineachta nó i mbaol an eisiaimh shóisialta. Féach thíos




Tagraíonn **an t-eisiamh airgeadais** do phróiseas ina dteagmhaíonn daoine le deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar – agus/nó feidhm a bhaint as – na seirbhísí airgeadais agus na hearraí airgeadais sa mhargadh príomhshrutha is cuí dá riachtanais agus a chuireann ar a gcumas gnáthshaol sóisialta a chaitheamh sa tsochaí lena mbaineann siad. Tomhaistear é trí chéatadán na ndaoine/na líonta tí gan aon chuntas reatha.

Is í **an bhochtaineacht bhia** ná gan a bheith in ann aiste dhea-chothaitheach leordhóthanach bhia a bheith agat de bharr saincheisteanna inacmhainneachta agus insroichteachta. Tomhaistear é trí chéatadán na ndaoine a thaithíonn ceann amháin nó níos mó de na rudaí seo a leanas:

Gan a bheith in acmhainn béile le feoil nó a macasamhail ghlasránach gach re lá
gan a bheith in acmhainn spóla rósta feola nó a mhacasamhail glasránach uair sa tseachtain béile téagartha amháin a chailleadh le coicís anuas de cheal airgid
Is í **an bhochtaineacht bhreosla** ná gan a bheith in acmhainn do dhóthain teasa a bheith sabhaile agat.

Is éard atá i **gcomhéifeacht Gini** ná an ghaolmhaireacht idir sciartha carnacha an daonra arna socrú de réir an leibhéil ioncaim agus sciar carnach an ioncaim iomláin atá faighte acu. Dá mbeadh an comhionannas foirfe ann (is é sin, dá bhfaigheadh gach duine an t-ioncam céanna) 0% a bheadh mar chomhéifeacht Gini. Chiallódh comhéifeacht Gini 100% gurbh ann don éagothromas iomlán agus go raibh an t-ioncam náisiúnta iomlán i seilbh an aon duine amháin.

Seasann **OTN** don Olltáirgeacht Náisiúnta agus is meastachán é ar luach iomlán na táirgeachta agus na seirbhísí, ó shaoránaigh tíre, ar thalamh na tíre sin nó ar thalamh choigríche, arna ríomh i gcaitheamh bliana.

Tagraíonn **líonta tí gan duine fostaithe** don daonra atá 0 - 59 de bhlianta d'aois i líonta tí a bhfuil déine an-íseal oibre iontu. Tagraíonn an déine an-íseal oibre do dhaoine atá 0 go 59 de bhlianta d'aois a chónaíonn i líonta tí inar oibrigh daoine fásta in aois fostaíochta (18 go 59 mbliana d'aois) ní ba lú ná 20 faoin gcéad dá n-acmhainneacht iomlán aoise oibre le 12 mhí anuas. Ní chuirtear scoláirí idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois san áireamh.

Tomhaistear **an boilsciú** trí úsáid a bhaint as an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí a dheartar chun tomhas a dhéanamh ar an athrú ar mheánleibhéal na bpraghsanna (agus na cánacha neamhdhíreacha go léir san áireamh) a íocann gach líon tí príobháideach agus gach líon tí institiúideach sa tír agus turasóirí ón gcoigríoch ar saoire in Éirinn i gcomhair earraí agus seirbhísí tomhaltais.
Is tomhas **an bhochtaineacht ag an obair** a chuimsíonn a bheith ag an obair ach, san am céanna, a bheith i líon tí atá 'i mbaol na bochtaineachta'.

Tomhaiseann **an ráta dífhostaíochta fadtréimhsí** an daonra atá dífhostaithe go fadtréimhseach (dífhostaithe le ≥ 12 mhí; sainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair) mar chionmhaireacht den daonra gníomhach iomlán.

Ríomhtar **an t-ioncam airmheánach** tríd an daonra a rangú de réir an ioncaim choibhéisithe ón gceann is lú go dtí an ceann is mó agus baintear amach an luach airmheánach nó an luach láir. Meastar é seo ina thomhas níos cuí ná an meánioncam ar féidir le luachanna míchuibheasacha iad a chur ar sceabha.

Tomhaiseann **éifeacht laghdaithe bhochtaineachta na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta** éifeachtacht an chaiteachais ar an gcoimirce shóisialach ó thaobh an bhochtaineacht a laghdú. Déantar é seo tríd an ráta 'i mbaol na bochtaineachta' a thomhas roimh na híocaíochtaí aistritheacha sóisialta agus i ndiaidh na n-íocaíochtaí aistritheacha sóisialta.

Is í **an bhearna choibhneasta 'i mbaol na bochtaineachta'** ná an difríocht idir ioncam coibhéisithe airmheánach na ndaoine faoi bhun na tairsí 'i mbaol na bochtaineachta' agus an tairseach 'i mbaol na bochtaineachta' arna cur i bhfriotal mar chéatadán den tairseach 'i mbaol na bochtaineachta' (60 faoin gcéad den ioncam coibhéisithe airmheánach). Baintear feidhm as an táscaire seo chun *doimhneacht na bochtaineachta* a mheas. Ó thaobh an bheartais de, sonraíonn sé scála na n-íocaíochtaí aistritheacha a bheadh riachtanach chun ioncaim na ndaoine atá i gceist a thabhairt suas go tairseach na bochtaineachta.

**Cóimheas sciar na cúigile S80/S20: Éagothromas dháileadh an ioncaim** – seo cóimheas an ioncaim choibhéisithe iomláin a fhaigheann an 20 faoin gcéad de dhaoine a bhfuil an t-ioncam is airde acu (an bharrchúigil) leis sin a fhaigheann an 20 faoin gcéad de dhaoine a bhfuil an t-ioncam is lú acu (an bhunchúigil).

Táscaire an Aontais Eorpaigh is ea **an díothacht ábharach throm** ar sciar an daonra a chónaíonn i líonta tí a bhíonn in easnamh 4 mhír ar a laghad as na 9 mír seo a leanas:

- íoc as billí cíosa nó fóntais
- an baile cónaithe a choimeád te go leor
- aghaidh a thabhairt ar chostais gan choinne
- feoil, iasc nó macasamhail phróitéine a ithe gach re lá
- seachtain de shaoire as baile, nó ní fhéadfadh a bheith in acmhainn (fiú dámba mhian é)
- gluaisteán
- inneall níocháin
- teilifís dhaite
- guthán

Áirítear le **híocaíochtaí aistritheacha sóisialta** íocaíochtaí dífhostaíochta, pinsin stáit agus pinsin cheirde, liúntais ó thaobh linbh/teaghlaigh, liúntais tithíochta agus íocaíochtaí aistritheacha sóisialta eile amhail sochair mharthanóra, bhreoiteachta nó mhíchumais.

Tomhaiseann **an ráta dífhostaíochta** an daonra dífhostaithe mar chionmhaireacht den daonra gníomhach iomlán in aois 15 bliana nó níos mó ná sin.

Déanann **'sobhuailte ón mbochtaineacht sheasmhach'** sainaithint ar an daonra a thaithíonn an díothacht bhunúsach agus ag a bhfuil ioncam idir 60 agus 70 faoin gcéad den airmheán.

Tagraíonn **déine oibre na líonta tí** don chóimheas idir líon na míonna ar oibrigh na daoine go léir in aois fostaíochta sa líon tí le bliain anuas agus líon iomlán na míonna a d'fhéadfadh a bheith oibrithe go teoriciúil ag na daoine sa líon tí. Sainmhínítear duine in aois fostaíochta mar dhuine in aois 18 go 59 de bhlianta, seachas scoláirí idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois. Feidhmítear déine oibre na ndaoine in aois fostaíochta i gcás na leanaí agus scoláirí go léir a chónaíonn sa líon tí, ach amháin iad siúd in aois 60+ de bhlianta. Bristear an déine oibre ina cúig earnáil: déine an-íseal oibre (oibrítear < 20 faoin gcéad den am iomlán), ísealdéine oibre (20 go 45 faoin gcéad), meándéine oibre (45 go 55 faoin gcéad), ard-déine oibre (55 go 85 faoin gcéad) agus déine an-ard oibre (> 85 faoin gcéad).

arna fhoilsiú ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

Éire

ISBN: 978-1-908109-17-0
Baile Átha Cliath, Éire, Márta 2013